# Bileog Gníomhaíochta Leibhéil Shinsearaigh 3





**Ainm:** ........................................................................

## Seoltóirí agus Inslitheoirí Leictreacha

**Seoltóir leictreach** ábhar a ligeann don leictreachas dul tríd.

**Inslitheoir leictreach** ábhar nach ligeann don leictreachas dul tríd nó a mhoillíonn an sreabhadh leictreachais.

**Beidh na nithe seo a leanas ag teastáil uait:** Bolgán, ceallra, 3 shreang, rogha earraí déanta as ábhair éagsúla e.g. páipéar, spúnóg phlaisteach, spúnóg mhiotail, fáiscíní páipéir, banda rubair, rialóir adhmaid, bonn, tairne, péire spéaclaí, éadach, cloch.




### Fiosrú:

1. Socraigh suas ciorcad mar a thaispeántar thuas.
2. Sula ndéanann tú gach earra a thástáil i do chiorcad, déan tuar agus scríobh cé acu an inslitheoir nó seoltóir é, dar leat.
3. Ansin déan gach earra a thástáil tríd an mbun saor den dá shreang A agus B a leagan air. Cad a tharlaíonn? Scríobh síos cad a fheiceann tú.
4. Cuir do thuartha i gcomparáid leis na torthaí.

| Earra | Ábhar<br>Cad as a bhfuil an t-earra déanta? | Tuar | Cad a fheiceann tú | Toradh<br>Inslitheoir nó Seoltóir? |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

*Ná déan dearmad Fan Slán i gcónaí le leictreachas agus Fan Amach uaidh!